Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

Aighneacht ó Gaeloideachas, Samhain 2019

Réamhrá

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis seo le haighneacht a chur faoi bhráid an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar chuid den athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Tuigeann Gaeloideachas an réasúnaíocht atá taobh thiar den athbhreithniú agus tacaíonn an eagraíocht leis an gcoincheap gur gá a chinntiú go bhfuil ár gcóras oideachais, ag gach leibhéal, ag freastal ar riachtanais na scoláirí uile agus go bhfuil sí ag freagairt do na dúshláin a bhaineann le hoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil san aonú aois is fiche. Níor cuireadh aon mhórathrú mór i bhfeidhm ar struchtúr na sraithe sinsearaí ó na 1990idí nuair a tugadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Idirbhliain isteach. I gcomhthéacs na n-athruithe suntasacha atá tarlaithe le roinnt blianta anuas ag leibhéal na sraithe sóisearaí, tá sé tráthúil go ndéanfaí athbhreithniú ar an timthriall sinsearach. Ba mhaith le Gaeloideachas san aighneacht seo roinnt nithe a aibhsiú a tháinig chun tosaigh sa chomhphlé san eagraíocht agus ag na seimineáir agus fócasghrúpaí ar fhreastal ionadaithe ón eagraíocht orthu.

Modh Oibre

1. **Comparáid le tíortha eile**
   Mar cheann de na céimeanna tosaigh den athbhreithniú seo, rinneadh staidéar deisce ar an gcur chuige sa timthriall sinsearach in ocht ndlínse idirnáisiúnta ar mhaithe le comparáid. Cé go bhfuil eolas mar seo luachmhar agus spéisiúil mar chúlra, mar ábhar machnaimh agus mar bhealach le ceisteanna a spreagadh, táimid mar eagraíocht buartha faoi an iomarca luach a chur ar an eolas seo. Tá gach ceann de na tíortha a ndearnadh staidéar orthu an-éagsúil óna chéile maidir le méid na tíre, stair, comhthéacs sochtheangeolaíoch, traidisiúin oideachais, acmhainní, geilleagar agus stádas geopholaitiúil. Is córas orgánach atá sa chóras oideachais in aon tír a bhfuil fréamhacha doimhne aige agus tá dlúthbhaint ag na fréamhacha seo le gach ceann de na nithe thuasluaite. Ar an ábhar sin, ní mór a bheith an-aireach faoi bhéim rómhór a chur ar eiseamláirí ó thíortha eile agus ba chóir san athbhreithniú tús áite a thabhairt do na

cúinsí sainiúla a bhaineann leis an tír seo ionas gur féidir 'le gach scoláire tabhairt faoi shaoránacht iomlán agus ghníomhach agus páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim agus ag aistriú go dtí an saol i ndiaidh na scoile.'[1]

2. **Ginearalú ar Thuairimíocht**

Mar cheann eile de na céimeanna comhairliúcháin ag an CNCM, chuathas i gcomhairle le múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí i 41 scoil thar dhá thimthriall:-

- Cuspóir na Sraithe Sinsearaí
- Conairí agus Solúbthacht

Tá dhá imleabhar foilsithe le hachoimre ar na tuairimí a léiríodh sa chomhairliúchán seo agus tá na tuairimí seo go mór chun cinn freisin sa Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí (Iúil 2019) CNCM. Tá an-ghinearálú déanta, áfach, san achoimre a thugtar ar na tuairimí a léiríodh, gan aon staitisticí nó comhthéacs don chomhphlé as ar eascair siad. Tá cúpla sampla thíos den ghinearálú seo:-

'Ceapann roinnt scoileanna agus tuismitheoirí agus go leor scoláirí gur cheart go mbeadh gach ábhar roghnach.'[2]
ualach oibre agus brú obair bhaile a bhíonn ar an scoláire agus go mbeadh ní ba mho spáis agus ama ag an scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus sóisialta.'[3]
'Creideann go leor scoláirí gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar roghnach, ach leag cuid acu béim ar a thábhachtaí ata sé go mbeadh teagmháil éigin a bheith ag an scoláire leis an teanga.'[4]
'Ceapann go leor scoláirí agus roinnt tuismitheoirí agus scoileanna gur cheart go mbeadh gach ábhar roghnach.'[5]

Tá go leor samplaí eile den saghas tuairimíochta seo sa Cháipéis Comhairliúcháin agus sa Tuarascáil Eatramhach. Mar atá luaite, níl aon chomhthéacs ceart tugtha don tuairimíocht seo, ní thugtar aon staitisticí agus ní insítear cad iad na go díreach na ceisteanna a cuireadh. Ní fios dúinn an ceisteanna oscailte a bhí iontu nó an raibh siad treoraithe sna pléghrúpaí. Tá amhras faoi cé chomh bailí is atá sé tuairimíocht mar seo a chur i láthair an phobail mar ábhar comhphlé don chuid eile den chomhairliúchán.

3. **Peirspictíocht Theoranta**

Ní leor scoláirí agus tuismitheoirí reatha sna scoileanna a úsáid mar fhoinse eolais ar luach agus struchtúr an chórais oideachais. Is minic scoláirí agus a dtuismitheoirí suibiachtúil ina dtuairimí a fhad agus atá siad féin nó a bpáistí ag dul tríd an gcóras agus is le himeacht ama agus iad níos faide ar aghaidh ina saol gairme a thuigeann siad i

[1] Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin p.9
[2] Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sóisearaí p.45 (CNCM Iúil 2019)
[3] Ibid. p.45
[4] Ibid p.46
[5] Ibid. p.46

gceart an tairbhe nó na lochtanna a bhain leis an gcóras agus peirspictíocht níos leithne acu. Tá an pheirspictíocht thábhachtach seo in easnamh go mór sa chomhairliúchán go dtí seo.

4. **Dearcadh i leith na Gaeilge**
   Níl na tuairimí a léirítear maidir le stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar san Ardteistiméireacht sa Tuarascáil Eatramhach ag teacht leis an taighde atá déanta faoi dhearcadh an phobail i leith na ceiste seo thar na blianta.[6] Sa suirbhé is déanaí ag Millward Brown ag Conradh na Gaeilge (2019), léiríodh tacaíocht láidir don Ghaeilge mar chroí-ábhar Ardteistiméireachta (64% ar a son agus 60% san aoisghrúpa 15-24), agus mionlach beag de 14% i bhfábhar a stádas a athrú. Ina theannta sin, tá tacaíocht an-láidir léirithe go mbeadh athchóiriú déanta ar an gcóras oideachais le cinntiú go mbeadh leibhéal cumasach de Ghaeilge labhartha ag gach dalta nuair a chríochnaíonn siad a gcuid oideachas.

Aiseolas

1. **Conairí**
   Mar atá ráite ag tús na haighneachta seo, tuigeann Gaeloideachas an gá atá le hathbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus aithnímid freisin go bhfuil conairí éagsúla de dhíth le freastal ar scoláirí nach n-oireann an Ardteistiméireacht Bhunaithe dóibh. Chuige sin is gá féidearthachtaí a fhiosrú agus múnlaí a phíolótú le hiarracht a dhéanamh teacht ar chonaire nó ar chonairí níos praiticiúla a bhfuil stádas ard acu agus meas agus muinín ag daltaí agus tuismitheoirí astu. Is teachtaireacht í seo a tháinig tríd go láidir ag na seimineáir náisiúnta a eagraíodh timpeall na tíre i ndiaidh gach timthriall den athbhreithniú le linn 2018 – 2019 agus a raibh baill den eagraíocht seo i láthair acu.

2. **Ró-ualach curaclaim**
   Ardaíodh ceisteanna sa chomhairliúchán leis na scoileanna faoin ualach a bhaineann le leithead an churaclaim agus líon na n-ábhar a ndéantar staidéar orthu san Ardteistiméireacht Bhunaithe. Luadh modúil, laghdú ar líon na n-ábhar agus gan aon ábhar a bheith éigeantach mar bhealaí le dul i ngleic leis seo. Dar le Gaeloideachas, chuirfeadh na hathruithe seo stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar sa chóras oideachais i mbaol agus chuirfeadh sé ábhair eile i mbaol freisin agus scoláirí faoi bhrú speisialú ró-luath in ábhair a bhfuil, dar leo, luach níos airde ag baint leo ó thaobh an gheilleagair agus cúrsaí fostaíochta de. Níl sé ar leas fadtéarmach an oideachais in Éirinn go ndéanfaí an cúngú seo agus imeallú ar ábhair ag an stáid seo in oideachas an scoláire.

   D'fhéadfadh iarmhartaí neamhbheartaithe a bheith aige seo freisin agus, ag na fócasghrúpaí ar fhreastail ionadaithe ó Ghaeloideachas orthu i Meán Fómhair agus

[6] Ó Riagáin, Pádraig. (2012) 'Teanga, Féiniúlacht agus Dearcadh Náisiúnta' in T. Ó hIfearáin agus M. Ní Neachtain, 'An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc (pp. 111- 128)

Deireadh Fómhair 2019, luaigh múinteoirí eolaíochta an bhuairt a bhí orthu nach mbeadh scoileanna in acmhainn na trí ábhar eolaíochta a thairiscint de bharr easpa uimhreacha agus an costas ard a bhaineann le soláthar na n-ábhar seo. Luaigh múinteoirí ceoil, ealaíne agus nuatheangacha iasachta freisin go mbeadh deacracht ag scoileanna beaga go háirithe leanúint ag soláthar na n-ábhar seo dá ndéanfaí líon na n-ábhar a theorannú.

Tá fianaise ar fáil as Sasana de na hiarmhairtí neamhbheartaithe seo. Tá titim thubaisteach i líon na scoláirí a dhéanann staidéar ar nuatheanga iasachta i Sasana ag eochairchéim 4 (GCSE, aois 16) ó 76% i 1996 go 47% sa bhliain 2015.[7] Níl staidéar ar nuatheanga iasachta éigeantach ag an leibhéal seo ó 2003. Tá líon na scoláirí atá ag tabhairt faoi nuatheanga iasachta ag A leibhéal (aois 18) ag titim go leanúnach freisin ó 6.4% i 1999 go 3.7% sa bhliain 2015.[8] Rud suntasach eile faoi na figiúirí seo na go bhfuil an éifeacht is mó ag an gcúngú seo sna scoileanna atá ag freastal ar scoláirí as cúlraí socheacnamaíocha ísle. Ní fios an raibh éifeacht níos leithne ag na hathruithe seo ar an dioscúrsa geopholaitiúil sa Bhreatain faoina ról agus a háit san Eoraip ach is ceist shuimiúil í.

3. Luas agus Líon na n-Athruithe

Tá athruithe suntasacha tarlaithe le 5 bliana anuas ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí sna scoileanna agus ní bheidh na hathruithe seo curtha i gcrích go dtí 2022 nuair a bhronnfar Próifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) iomlán den chéad uair. Tá scoileanna fós ag dul i ngleic leis na hathruithe seo le múinteoirí ag tabhairt faoi mhodhanna nua measúnaithe agus teagaisc. Tá go leor ama scoile á chaitheamh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach le tacú leis an hathruithe seo.
Anuas air seo tá an Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus don Uimhearthacht 2011-2020, Féinmheastóireacht Scoile : Treoirlínte 2016-2020, Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 : Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna, Polasaí Folláine : Creat Cleachtais 2018-2023, An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus na Treoirlínte agus na Nósanna Imeachta nua maidir le Cosaint Leanaí ar fad á gcur chun cinn sna scoileanna.

Tá gach ceann de na straitéisí agus treoirlínte seo tábhachtach agus luachmhar ach is cinnte go mothaíonn scoileanna go bhfuil an iomarca athruithe ag tarlú ag an am céanna, buairt atá ardaithe ag an JMB, an NAPD, an ASTI, an TUI leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a bhfuil aird tugtha ag an Aire Oideachais Joe McHugh, T.D. air. Ag na seimineáir náisiúnta agus na fócasghrúpaí ar fhreastail ionadaithe ó Ghaeloideachas orthu mar chuid den athbhreithniú seo, d'ardaigh múinteoirí an bhuairt seo agus thugadar le fios gur gá ligean do na hathruithe thuasluaite leabú isteach sula dtugtar faoi aon mhórathrú eile sa chóras. Tá an tSraith Shinsearach fíorthábhachtach in oideachas gach scoláire agus bheadh sé inmholta athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat don tSraith Shóisearach nuair atá sí i bhfeidhm go hiomlán ar dtús le ceachtanna a fhoghlaim

[7] Long Robert and Bolton, Paul (2016) Language teaching in schools (England): Briefing Paper Number 07388, 10 June 2016
[8] Ibid. p. 24

sula dtabharfaí faoi aon athrú sa tSraith Shinsearach.

4. **Stádas na Gaeilge sa Chóras Oideachais**
   Tá an Ghaeilge ar an ngné is sainiúla dár n-oidhreacht mar Éireannaigh. Ní hamháin go bhfuil luach ag baint leis an teanga dúinn sa tír seo ach is acmhainn chultúrtha í sa chomhthéacs domhanda freisin. Ag am nuair atá bithéagsúlacht na cruinne agus inmharthanacht na timpeallachta faoi bhagairt, bheadh sé íorónta mura gcuirfí béim freisin ar chosaint a thabhairt do mhionteangacha leochaileacha ar fud an domhain, an Ghaeilge ina measc.

   Mar aitheantas ar thábhacht oidhreachtúil na teanga agus an leochaileacht a bhaineann léi mar mhionteanga, tugadh cosaint ar leith don Ghaeilge ó bunaíodh stát seo ar bhealaí éagsúla, tríd an gcóras oideachais agus trí stádas bunreachtúil a thabhairt di. Le blianta beaga anuas tá stádas bainte amach aici mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach freisin. Dá gcaillfeadh an Ghaeilge an stádas atá aici mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach is cinnte go mbeadh éifeacht aige sin ar a stádas sa chóras oideachais ar fad, go dtarlódh an titim thubaisteach ar líon na scoláirí a roghnódh í mar ábhar san Ardteistiméireacht agus go mbeadh éifeacht aige sin ar an luach a chuirfí uirthi an na leibhéil eile sa chóras.

   Tá sé de cheart ag gach scoláire sa tír seo rochtain a bheith aige ar an teanga trí chúrsa teagaisc a fhreastalaíonn ar a riachtanais mar fhoghlaimeoir ag an leibhéal cuí tríd an gcóras oideachais ar fad. Mura bhfuil an cúrsa teagaisc atá ar fáil faoi láthair ag freastal ar riachtanais na scoláirí uile, is ceart don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta aghaidh a thabhairt ar an gceist seo tríd na Meithleacha éagsúla ábhair atá ag an gComhairle agus na leasuithe cuí a chur i bhfeidhm bunaithe ar an taighde is fearr maidir le múineadh teangacha. Tá an-obair déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus tionchar an-tairbheach aige cheana féin. Is eiseamláir atá sa pholasaí seo den mhéid a d'fhéadfaí a bhaint amach ach polasaí dá leithéid a fhorbairt do mhúineadh na Gaeilge tríd an gcuid eile den chóras oideachais ar fad.

Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge, 2006

Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal*. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.*

Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na

bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

Is é seo an gealltanas atá tugtha ag Rialtas na hÉireann maidir le stádas na Gaeilge sa chóras oideachais. Má tá athrú le déanamh ar an stádas seo, is ceist mhór náisiúnta atá ann agus ceist a gcaithfí a chíoradh ag leibhéal an rialtais i gcomhthéacs na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030, Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge (2006) agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022. Bheadh impleachtaí ag aon athrú ar na gealltanais sa Ráiteas seo do na Gaeltachtaí, do thionscal na gcoláistí Gaeilge, do sholáthar acmhainní teagaisc agus foghlama, do sholáthar múinteoirí, do stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach, don oideachas lán-Ghaeilge, do na hollscoileanna, do na coláistí oiliúna agus do rogha gairmeacha do dhaltaí sa todhchaí.

Conclúid

Tá súil ag Gaeloideachas go gcuirfidh an CNCM na nithe atá ardaithe againn san aighneacht seo san áireamh agus an tuarascáil chomhairleach á cur i dtoll a chéile le cur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna lena breithniú. D'fháilteoimis roimh an deis na saincheisteanna seo a phlé leis an CNCM agus leis an Aire Oideachais agus Scileanna agus na himpleachtaí don chóras oideachais trí chéile, scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta san áireamh, mar a bhaineann le stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar ach go háirithe.

Gaeloideachas, 2019